Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Iúil 2021**
**(OR. en)**

**10504/21**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0175(NLE)**

**AELE 38**
**EEE 24**
**N 63**
**ISL 19**
**FL 19**
**MI 535**
**BUDGET 14**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 5 Iúil 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 354 final - IARSCRÍBHINN I |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, laistigh de Chomhchoiste LEE maidir le leasú ar Phrótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE, maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse (Líne bhuiséid 07 20 03 01 – Slándáil Shóisialta) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 354 final - IARSCRÍBHINN I.

Faoi iamh: COM(2021) 354 final - IARSCRÍBHINN I

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 5.7.2021
COM(2021) 354 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh**

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, laistigh de Chomhchoiste LEE maidir le leasú ar Phrótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE, maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse**

**(Líne bhuiséid 07 20 03 01 – Slándáil Shóisialta)**

# IARSCRÍBHINN

## CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE

**Uimh. [...]**

**an [...]**

**lena leasaítear Prótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE, maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagail 86 agus 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is iomchuí leanúint de chomhar na bPáirtithe Conarthacha i gComhaontú LEE i ngníomhaíochtaí an Aontais a chistítear ó bhuiséad ginearálta an Aontais agus a bhaineann le saorghluaiseacht oibrithe, comhordú scéimeanna slándála sóisialta agus bearta le haghaidh imirceach, lena n-áirítear imircigh as tríú tíortha.

(2) Is iomchuí go leanfadh an comhar sin ar aghaidh tar éis an 31 Nollaig 2020, gan beann ar an tráth a ghlacfar an Cinneadh seo nó má thugtar fógra maidir le comhlíonadh na gceanglas bunreachtúil le haghaidh an chinnidh seo, más ann dóibh, tar éis an 10 Iúil 2021.

(3) Ba cheart d'eintitis a bunaíodh i Stáit CSTE a bheith i dteideal páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí, ar gníomhaíochtaí iad a chuirfear tús leo roimh theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo. Na costais a thabhaítear i leith na ngníomhaíochtaí sin, a chuirfear tús lena gcur chun feidhme tar éis an 1 Eanáir 2021, féadfar iad a mheas a bheith incháilithe faoi na coinníollacha céanna is infheidhme maidir leis na costais a thabhaíonn eintitis a bunaíodh i mBallstáit an Aontais ar choinníoll go dtiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm roimh dheireadh na gníomhaíochta lena mbaineann.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Prótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú chun go mbeifear in ann an comhar leathnaithe sin a chur ar siúl ón 1 Eanáir 2021,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Airteagal 5 de Phrótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE mar a leanas:

1. Cuirtear an mhír seo a leanas isteach i ndiaidh mhír 13:

'14. Beidh Stáit CSTE, amhail ón 1 Eanáir 2021, rannpháirteach sa ghníomhaíochtaí a chistítear ón líne bhuiséid seo a leanas, a iontráladh i mbuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh le haghaidh na bliana airgeadais 2021:

- **Líne bhuiséid 07 20 03 01**: "Saorghluaiseacht oibrithe, comhordú scéimeanna slándála sóisialta agus bearta le haghaidh imirceach, lena n-áirítear imircigh as tríú tíortha".

Na costais a thabhaítear i leith na ngníomhaíochtaí a chuirtear tús lena gcur chun feidhme tar éis an 1 Eanáir 2021, féadfar iad a mheas a bheith incháilithe amhail ó thús na gníomhaíochta faoin gcomhaontú deontais nó cinneadh deontais lena mbaineann ar choinníoll go dtiocfaidh Cinneadh Uimh. XX/2021 ó Chomhchoiste LEE an [...][An cinneadh seo] i bhfeidhm roimh dheireadh na gníomhaíochta.'

2. I mír 5, cuirtear na focail 'sna gníomhaíochtaí a chistítear ón líne bhuiséid le haghaidh na mblianta airgeadais 2014, 2015, 2016, 2017, 2018, 2019, 2020 agus 2021 dá dtagraítear i mír 13 amhail ón 1 Eanáir 2014 agus sna gníomhaíochtaí a chistítear ón líne bhuiséid le haghaidh na bliana airgeadais 2021 dá dtagraítear i mír 14 amhail ón 1 Eanáir 2021' in ionad na bhfocal 'agus sna gníomhaíochtaí a chistítear ón líne bhuiséid le haghaidh na mblianta airgeadais 2014, 2015, 2016, 2017, 2018, 2019 agus 2020 dá dtagraítear i mír 13 amhail ón 1 Eanáir 2014'.

3. I míreanna 6 agus 7, cuirtear na focail 'míreanna 8, 12, 13 agus 14' in ionad na bhfocal 'míreanna 8, 12 agus 13'.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar an lá tar éis an fhógra dheireanaigh faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE[*].

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2021.

*Airteagal 3*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, de *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, […].

*Thar ceann Chomhchoiste LEE*

*An tUachtarán*

[…]

*Rúnaithe*

*Chomhchoiste LEE*

[…]

[*] [Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.] [Sonraítear ceanglais bhunreachtúla.]